

## Cad is fianán ann?

Is é is fianán ann ná téacschomhad beag a d'fhéadfaí a stóráil ar do ríomhaire nó ar do ghléas móibíleach agus ina bhfuil sonraí a bhaineann le suíomh Gréasáin a dtugann tú cuairt air. D'fhéadfadh go gcumasófaí leis an bhfianán do shuíomh Gréasáin “cuimhneamh” ar do ghníomhartha nó ar do shainroghanna thar thréimhse ama nó d'fhéadfadh go mbeadh sonraí ann a bhaineann le feidhm an tsuímh nó leis an dóigh a soláthraítear é. Is é úinéir an tsuímh Ghréasáin a shocraíonn na fianáin. I gcásanna áirithe, is iad seirbhísí tríú páirtí a shocraíonn iad, i gcás gur thug úinéir an tsuímh Ghréasáin cead dóibh faisnéis eile a chur i láthair, ábhar nó físeáin a léiriú nó feidhmiúlacht eile amhail anailísíocht a chur ar fáil. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi fhianáin agus faoi fhógraí fianáin a fháil ag an nasc seo a leanas chuig [leathanach Gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ar fhianáin agus ar dhlí an Aontais Eorpaigh](#).

## Cé na rialacha atá i bhfeidhm maidir le fianáin a úsáid ar shuíomhanna Gréasáin?

Is é atá i '[Rialacháin na hÉireann maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach](#)' (I.R. Uimh. 336 de 2011, lenar cuireadh Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach chun feidhme) ná tacar breise rialacha atá infheidhme i leith cineálacha áirithe próiseála, lena n-áirítear úsáid fianán agus teicneolaíochtaí den chineál céanna. Léitear iad le chéile leis na rialacha atá san Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Tríd is tríd, fágann sé sin go bhfuil feidhm ag rialacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le húsáid fianán agus teicneolaíochtaí den chineál céanna i gcás go mbaineann an úsáid sin le sonraí pearsanta a phróiseáil. Tá rialacha níos sonraí fós le fáil sna Rialacháin maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach.

Maidir le húsáid fianán agus teicneolaíochtaí den chineál céanna a shocrú, is gá don rialaitheoir sonraí toiliú a fháil uait de ghnáth (mar a cheanglaítear le Rialachán 5(3) de na Rialacháin maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach) chun na cineálacha teicneolaíochtaí sin a úsáid. Ní gá don rialaitheoir sonraí aon toiliú a fháil, áfach, i gcás go bhfuil an fianán nó teicneolaíocht eile ag teastáil chun an tseirbhís atá á lorg agat a sholáthar – mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh fianáin ag teastáil chun suíomh Gréasáin atá

feidhmiúil agus a bhfuil tú ag iarraidh teacht air a sholáthar duit. Chomh maith leis sin, is gá don rialaitheoir sonraí faisnéis áirithe a bhfuil teacht éasca uirthi agus atá 'soiléir agus cuimsitheach' a thabhairt duit faoin teicneolaíocht atá in úsáid aige agus faoi cén fáth a bhfuil an teicneolaíocht sin in úsáid aige.

Ceann de na cineálacha tionchair is tábhachtaí atá ag an gcaidreamh idir an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an fhíric go léitear é le chéile leis na Rialacháin maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach is ea go saineofar aon 'toiliú' a cheanglaítear faoi na Rialacháin maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach ar an mbealach céanna agus a shaineofar é faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí as seo amach. Is airde an caighdeán toilithe a cheanglaítear faoin Rialachán Ginearálta ná an caighdeán a ceanglaíodh faoin dlí roimhe agus fágann sé nach mór aon toiliú a thabhairt trí ghníomh soiléir dearfach a dhéantar faoi shaoirse agus atá sonrach, feasach agus gan athbhrí.

## Conas is féidir liom a rialú cé na fianáin a shocraítear ar mo ghléas?

Laistigh de do bhrabhsálaí, is féidir leat a roghnú de ghnáth cé acu ba mhaith leat glacadh le fianáin nó diúltú dóibh. Toisc go gcuirtear rialuithe difriúla ar fáil ar bhrabhsálaithe difriúla, tá naisc tugtha thíos chuig na treoracha ó na príomh-mhonaróirí maidir le conas is féidir leat do shocruithe brabhsála a athrú. Tríd is tríd, tabharfar na roghanna seo a leanas duit: glacadh le gach fianán, diúltú dóibh nó iad a scriosadh i gcónaí; glacadh le fianáin ó sholáthraithe a mbaineann úinéirí suímh Ghréasáin úsáid astu ("fianáin tríú páirtí"), diúltú dóibh nó iad a scriosadh; nó glacadh le fianáin ó shuíomhanna Gréasáin sonracha, diúltú dóibh nó iad a scriosadh.

- [Google Chrome](#)
- [Internet Explorer](#)
- [Firefox](#)
- [Safari](#)
- [Safari Mobile](#)
- [OCoopera](#) "